Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus costais eile maidir le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus íocaíocht deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair den chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €4.02 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Cuimsíodh sa chuntas leithreasa blianta roimhe seo, aguisín a bhain le Ráiteas Achoimre na gCuntas Déantúsaíochta sna Príosúin. Tháinig meath ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta déantúsaíochta le blianta beaga anuas sna príosúin agus is cuid sách beag anois iad den chlár iomlán oiliúna oibre iad. Ar an ábhar sin, measadh nach raibh gá a thuilleadh leis an acmhainn riaracháin don chóras seo laistigh de na príosúin. Mar thoradh air sin, fuarthas cead chun an riachtanas seo a bhaint chun an t-aguisín seo a chur i dtoll a chéile le haghaidh chuntas leithreasa 2013.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

### Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá 14 príosún agus ionad coinneála faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le maoin ag Páirc Bhéal Fhada agus Halla Thornton.

Rinneadh talamh a luacháil ag luach margaidh oscailte i rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí i rith 2009. Rinneadh talamh ag Halla Thornton a luacháil ag an luach ceannaigh.

Tá an bunús maidir le foirgnimh príosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille - gan athrú. Déanfar athluacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh príosúin gach 5 bliana le cabhair ó rannán luachála Oifig na nOibreacha Poiblí - is in 2014 a bheidh an chéad athluacháil pleanáilte eile ar siúl. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athmheasúnuithe, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Taobh amuigh de thalamh agus d’fhoirgnimh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

### *Timpeallacht Rialaithe Airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

### *Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe*

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSeirbhís Príosún go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tá an tSeirbhís Príosún comhlíontach, seachas maidir le trí chonradh déag ar luach €786,764. Tá iad seo curtha san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/2002. Ar an iomlán, chuir sé cinn de na conarthaí seo (€435,576) conarthaí i bhfeidhm. I gceithre chás, ba cheannach aonuaire a bhí sa tseirbhís agus dúnadh an soláthróir ar an gcóras airgeadais agus i gcás breise, tá iomaíocht na tairisceana ar bun faoi láthair. Tá sonraíochtaí tairisceana á réiteach le haghaidh an dá cháis bhreise (€74,849).

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSeirbhís Phríosúin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Brian Purcell**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

31 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís Phríosúin agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Phríosúin. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2013.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Lúnasa 2014

# Vóta 21 Príosúin

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | 328,538 | 321,631 | 334,573 |
| | **Ollchaiteachas** | **328,538** | **321,631** | **334,573** |
| | *Asbhain* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **17,147** | **16,664** | **17,768** |
| | **Glanchaiteachas** | **311,391** | **304,967** | **316,805** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 6,424,477 | 1,009,846 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,400,000 | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,024,477 | 1,009,846 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 235,600 | 237,310 | 237,807 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,816 | 1,931 | 2,005 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,060 | 2,526 | 3,641 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,900 | 2,878 | 2,752 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,780 | 6,212 | 5,234 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 5 | — |
| | | 249,256 | 250,862 | 251,439 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 70,769 | 83,134 |
| Pá | | 237,310 | 237,807 |
| Neamhphá | | 13,552 | 13,632 |
| **Ollchaiteachas** | | **321,631** | **334,573** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **16,664** | **17,768** |
| **Glanchaiteachas** | | **304,967** | **316,805** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (8,550) | | |
| Dímheas | 3,197 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 2 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 62 | (5,289) | (55) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (7,149) | (21,422) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 316 | | |
| Laghdú stoic | 73 | | |
| | | 389 | (2,420) |
| **Caiteachas díreach** | | **292,918** | **292,908** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 35,247 | 39,560 |
| **Glanchostas cláir** | | **328,165** | **332,468** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 135 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 33,673 | 38,003 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 140 | 224 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 1,299 | 1,333 |
| | | 35,247 | 39,560 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 834,257 | 822,329 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 3,956 | 2,655 |
| | | **838,213** | **824,984** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.4 | 8,782 | 7,231 |
| Stoic | 2.5 | 1,130 | 1,203 |
| Réamhíocaíochtaí | | 529 | 108 |
| Ioncam fabhraithe | | 96 | 111 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 894 | 1,006 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **11,431** | **9,659** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 2,423 | (61) |
| Costais fhabhraithe | | 5,682 | 4,960 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 7,253 | 8,298 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **15,358** | **13,197** |
| **Glandliteanais reatha** | | (3,927) | (3,538) |
| **Glansócmhainní** | | **834,286** | **821,446** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **834,286** | **821,446** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 821,446 | 797,549 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 311,391 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (2,400) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (4,024) | | |
| Vóta glan | | | 304,967 | 316,805 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 35,247 | 39,560 |
| Aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2.2 | | 791 | — |
| Costas glan clár | 1 | | (328,165) | (332,468) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **834,286** | **821,446** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 814,993 | 69,448 | 830 | 8,446 | 893,717 |
| Breiseanna | 12,514 | 1,601 | — | 283 | 14,398 |
| Aistriú i[1] | 791 | — | — | — | 791 |
| Diúscairtí | — | (792) | (19) | (176) | (987) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 828,298 | 70,257 | 811 | 8,553 | 907,919 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | — | 63,829 | 628 | 6,931 | 71,388 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,530 | 35 | 632 | 3,197 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (769) | (19) | (135) | (923) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2013 | — | 65,590 | 644 | 7,428 | 73,662 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **828,298** | **4,667** | **167** | **1,125** | **834,257** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **814,993** | **5,619** | **202** | **1,515** | **822,329** |

[1] Aistríodh sócmhainn ina raibh talamh in aice láithreán Thornton ar a raibh costas €791,150 ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ní aistrítear aon mhuirear dímheasa leis an tsócmhainn seo mar gheall go ndéantar athluacháil ar thalamh gach cúig bliana sa Vóta seo agus áiríodh an talamh ar an mbunphraghas ceannaigh.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

ag 31 Nollaig

| | Conarthaí Tógála | |
|---|---|---|
| | 2013 | 2012 |
| | €000 | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 2,655 | 30,439 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 7,149 | 21,422 |
| Aistrithe go clár sócmhainne | (5,848) | (49,206) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 3,956 | 2,655 |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 8,782 | 7,399 |
| Orduithe gan íoc | — | (168) |
| | 8,782 | 7,231 |

## 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Éide agus éadach | 1,047 | 1,044 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | 15 | 58 |
| Ilghnéitheach | 68 | 101 |
| | 1,130 | 1,203 |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Óinchistí | 443 | 728 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 229 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 222 | 278 |
| | 894 | 1,006 |

## 2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,976 | 3,979 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,682 | 1,608 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 357 | 188 |
| Cáin Bhreisluacha | 547 | 581 |
| Cáin Fhoirgníochta | — | 3 |
| Cáin asbhainte ó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | — | 1 |
| | 6,562 | 6,360 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 593 | 1,937 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 98 | 1 |
| | 7,253 | 8,298 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,024 | 1,010 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | 2,400 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (4,001) | (1,071) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2,423 | (61) |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,782 | 7,231 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 894 | 1,006 |
| | 9,676 | 8,237 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,562) | (6,360) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (691) | (1,938) |
| | (7,253) | (8,298) |
| | | |
| | 2,423 | (61) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |

### (a) Ceangaltais Dhomhanda

| | | |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 3,580 | 4,807 |

### (b) Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitiúla

| | Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2012 | Caiteachas in 2013 | Blianta roimhe seo | Tionscadal Iomlán 2013 | Tionscadal Iomlán 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Príosún Nua Chorcaí | 302 | 2,034 | 38,340 | 40,676 | — |

Léiríonn an figiúr le haghaidh caiteachas blianta roimhe seo ceangaltais inar iontráladh conarthaí foirmiúla an 31 Nollaig 2013.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2012 agus 2013.

| Cur síos | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Príosún Nua Chorcaí | 40,465 | Síníodh an conradh le haghaidh an tionscadail tógála chun príosún nua a thógáil in 2013. Bhain an gealltanas €210,556 a tugadh faoi deara in 2012 le táillí comhairleach ar conradh amháin. |

### 2.10 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte amhail dheireadh na bliana (2012: €6,231).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 235,600 | 237,310 | 237,807 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 13,656 | 13,552 | 13,632 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | 34,188 | 24,584 | 35,371 |
| A.4 | Seirbhísí príosúin, s.rl. | 40,206 | 40,817 | 42,504 |
| A.5 | Roinn déantúsaíochta agus feirm | — | — | 697 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | 1,265 | 1,307 | 1,234 |
| A.7 | Cúiteamh | 2,873 | 3,978 | 3,270 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | 750 | 83 | 58 |
| | | 328,538 | 321,631 | 334,573 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €6.9 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos Lú/(níos mó) ná soláthartha €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 104 | D'eascair coigiltí in oiliúint agus forbairt agus i gcaiteachais theagmhasacha mar gheall ar rialú dian buiséadta mar aon le hathrú ar na sceidil seachadta le haghaidh pacáistí éide Oifigeach Príosúin. Bhí an róchaitheamh ar sholáthar trealamh TF agus teileachumarsáide mar thoradh ar uasghrádú ar chóras oibriúcháin Windows 7 ónar theastaigh ionadú ríomhaire phearsanta ar fud na seirbhíse. |
| Foirgnimh agus trealamh | 9,604 | D'eascair na coigiltí san fhotheideal seo go príomha mar gheall go raibh ní ba lú caiteachais ann ná mar a beartaíodh i dtosach báire maidir le tionscadail mhóra tógála i gCorcaigh agus i Luimneach. Bhí seo mar gheall go príomha ar chastacht na pleanála cás gnó agus na bpróiseas soláthair do na tionscadail a bhí i gceist. Tugadh suim €2.4 milliún anonn go dtí 2014 faoi na forálacha caipitil iarchurtha. |
| Cúiteamh | (1,105) | D'eascair an barrachas mar gheall ar an deacracht a bhí i gceist le méid cruinn na dámhachtana a thuar faoin gcatagóir seo bunaithe ar phatrúin chaiteachais le 5 bliana anuas. In 2013, bhí méadú le sonrú ar íocaíochtaí cúitimh le príosúnaigh agus sibhialtaigh. |
| Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | 667 | Riarann POBAL íocaíochtaí amach faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is deacair coinne a bheith le huainiú an chaiteachais mar gheall go mbraitheann sé ar an ráta dul chun cinn i dtionscadail chistithe. Laghdaíodh an buiséad faoin bhfotheideal seo chuig €250,000 in 2014. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ón roinn déantúsaíochta agus ón bhfeirm (lena n-áirítear táirgí a úsáidtear i bpríosúin) | — | — | 1,093 |
| 2. | Ciste Sóisialta na hEorpa | 5 | — | — |
| 3. | Fáltais ó dhíolachán na réadmhaoine príosúin | — | — | — |
| 4. | Ilghnéitheach | 704 | 321 | 381 |
| 5. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 750 | 83 | 58 |
| 6. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | 15,688 | 16,260 | 16,236 |
| | **Iomlán** | 17,147 | 16,664 | 17,768 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniúchán |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | 383 | Is deacair fáltais sa chatagóir seo a thuar. |
| Fáltais na gcuntas díomhaoin | 667 | Nasctar fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin go díreach le caiteachas faoi Fhotheideal A.8. Mar gheall nár leanadh ar aghaidh leis na tionscadail faoi mar a beartaíodh, ní fhéadfaí fáltais ní b'airde a tharraingt. Laghdaíodh an buiséad chuig €250,000 in 2014. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 3,433 | 3,433 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 140,669 | 139,644 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 492 | 722 |
| Liúntais eile | 47,961 | 48,822 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 32,791 | 33,436 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15,397 | 15,183 |
| **Pá Iomlán** | **237,310** | **237,807** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 132 | 7 | 12,090 | 16,229 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,141 | 1,796 | 28,704 | 26,230 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,982 | 552 | 19,003 | 17,329 |
| Ilghnéitheach | 3,276 | 238 | 21,881 | 15,915 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luach Saothair Eile**

Íocadh suim iomlán de chuid €53,347 le 13 státseirbhíseach scortha ar fháltas pinsean státseirbhíse, sa réimse ó €150 go €20,400 , a athfhostaíodh ar dhualgais éagsúla i rith na bliana 2013. Íocadh suim iomlán de chuid €29,150 le hocht mball scortha den Gharda Síochána, a athfhostaíodh ar dhualgais sainiúla i rith 2013. Bhí na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí leis an bhfoireann a chuaigh ar scor i gcomhréir le hAcht na bPinsean (Laghdú), 1965

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 4,158 (4,318 i 2012) meánlíon laethúil measta na bpríosúnach sa bhliain 2013.

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

Cuimsíonn an cuntas caiteachas maidir le cúiteamh agus costais dhlíthiúla a íocadh do phríosúnaigh, d'fhoireann agus do bhaill an phobail. Léiríonn an clár thíos anailís de na costais seo.

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dhámh | Costais dlíthiúla bronnadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas agus ceisteanna eile a bhaineann le foireann phríosúin. | 74 | 465 | 427 | 892 | 776 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin. | 48 | 827 | — | 827 | 1,687 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 118 | 743 | 727 | 1,470 | 723 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 16 | 616 | 167 | 783 | 81 |
| | | 2,651 | 1,321 | 3,972 | 3,267 |

Ag 31 Nollaig 2013, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 585 éileamh mar éilimh gan íoc. Bhí naoi gcás gan íoc freisin, mar a ndearnadh íocaíochtaí agus mar ar glacadh leo, i dtaca leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla.

### 6.3 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex gratia de chuid €6,447 i dtreo costais adhlactha ceithre chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

### 6.4 Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh

Fad a bhíothas ag tabhairt faoina bhfeidhm reachtúil, oibríonn Seirbhís Príosún na hÉireann cuntais bhainc faoi Chiste an Chláir Chúnaimh do Phríosúnaigh (PAPF). Oibríonn gach príosún cuntas PAPF dá bpríosúnaigh chun tionscadail chruatain phríosúnaigh a mhaoiniú. Cuirtear na cuntais bhainc seo i gcuntas ar bhonn aonair agus ní chruthaíonn siad cuid den chuntas seo mar gheall nach mbaineann siad le cistí Vótáilte; cistítear iad ó chistí príosúnaigh.